AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.12.2021
SWD(2021) 379 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le malartú sonraí uathoibrithe le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II'), lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, 2019/817 agus 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

{COM(2021) 784 final} - {SEC(2021) 421 final} - {SWD(2021) 378 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar thogra chun malartú sonraí uathoibrithe a neartú faoin gcreat Prüm (athbhreithniú ar Chinneadh 2008/615/CGB agus ar Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle).

### A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

Baineann coiriúlacht ar fud na hEorpa an bonn de shlándáil agus d'fholláine shaoránaigh an Aontais. Chun an choireacht a chomhrac go héifeachtach, tá uirlisí láidre agus feidhmiúla de dhíth ag údaráis fhorfheidhmithe dlí. Is iad comhar agus comhroinnt faisnéise na modhanna is cumhachtaí chun an choireacht a chomhrac agus chun ceartas a shaothrú mar atá luaite i Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála 2020[1]. De réir mheasúnú an Aontais Eorpaigh in 2021 ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe, tá níos mó ná **70 % de ghrúpaí coireachta eagraithe i láthair i níos mó ná trí Bhallstát**. Fiú an coir is mó a bhfuil cuma uirthi gur coir áitiúil í, d'fhéadfadh naisc a bheith aici le háiteanna eile san Eoraip ina ndearna an ciontóir céanna a ghníomhartha coiriúla. Sa chomhthéacs sin, **ní mór d'údaráis forfheidhmithe a bheith in ann sonraí a mhalartú, ar bhealach tráthúil**. Mar sin féin, i limistéar gan teorainneacha inmheánacha, **tá teorainneacha agus constaicí ann fós maidir le malartú sonraí idir údaráis forfheidmithe dlí**, rud a fhágann go bhfuil caochspotaí agus bealaí éalaithe ann do go leor coirpeach agus sceimhlitheoirí a ghníomhaíonn i níos mó ná Ballstát amháin. **Ní féidir leis na Ballstáit amháin an bhearna faisnéise a dhúnadh, mar gheall ar an ngné thrasteorann a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta agus le feabhsú na slándála.** Ní mór do na Ballstáit brath ar a chéile sna hábhair seo.

Bíonn údaráis forfheidhmithe dlí an Aontais ag comhoibriú agus ag malartú faisnéise, go háirithe tríd an gcreat atá leagtha síos ag Cinntí Prüm (Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle) chun sonraí a mhalartú ar phróifílí DNA, ar mhéarloirg agus ar chlárú feithiclí, ach tá easnaimh thábhachtacha ann.

Tá **<u>ceithre phríomhcheist</u>** a chuireann bac ar údaráis forfheidhmithe dlí agus an choireacht á comhrac acu tríd an gcreat seo, príomhcheisteanna a bhaineann ar fad le cuardach agus soláthar faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí san Aontas:

1) Ní bhíonn údaráis forfheidhmithe dlí in ann **a fháil amach i gcónaí an bhfuil sonraí** ar phróifílí DNA, ar mhéarloirg nó ar chlárú feithiclí **ar fáil i mbunachar sonraí náisiúnta Ballstáit eile,** sonraí a bhfuil gá acu leo chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh;
2) Níl modhanna éifeachtúla ag údaráis forfheidhmithe dlí chun ceisteanna a chur agus rochtain a fháil ar **chatagóirí ábhartha eile sonraí** atá stóráilte i mbunachair shonraí náisiúnta Ballstát eile (thar sonraí ar phróifílí DNA, méarloirg agus sonraí clárúcháin feithiclí), sonraí a bhfuil gá acu leo chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh;
3) Níl modhanna éifeachtúla ag údaráis forfheidhmithe dlí chun ceisteanna a chur agus rochtain a fháil ar phróifílí DNA, méarloirg agus catagóirí ábhartha féideartha eile sonraí a d'fhéadfadh a bheith i **mbunachar sonraí Europol,** sonraí a bhfuil gá acu leo chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh;
4) Tráth a fhaigheann údaráis forfheidhmithe dlí nod go bhfuil sonraí ar fáil i mbunachar sonraí Ballstáit eile ("amas"), ní bhíonn **rochtain** éifeachtúil acu i gcónaí ar na **sonraí iarbhír** comhfhreagracha atá stóráilte i mbunachar sonraí náisiúnta an Bhallstáit sin.

Is fadhbanna iad na ceithre phríomhcheist idirghaolmhara seo mar gheall ar a dtionchar ar an gcomhrac éifeachtach i gcoinne na coireachta agus ar shlándáil agus folláine shaoránaigh an AE. Baineann **roghanna beartais tábhachtacha** leo a éilíonn measúnú mionsonraithe ar phríomhchúiseanna na bhfadhbanna, na

[1] COM(2020) 605 final, 24.7.2020.

cuspóirí gaolmhara, na roghanna beartais atá ar fáil agus a n-iarmhairtí.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Mar fhreagairt ar riachtanais oibríochtúla phráinneacha, agus iarrataí ón gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar Chinntí Prüm (Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle) d'fhonn a raon feidhme a leathnú agus d'fhonn na ceanglais theicniúla agus dhlíthiúla is gá a nuashonrú, táthar ag súil go neartóidh an tionscnamh seo an malartú sonraí uathoibrithe faoin gcreat Prüm chun cabhrú le húdaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát an choireacht a chomhrac. Is iad pointe (d) den dara fomhír d'Airteagal 82(1) agus pointe (a) d'Airteagal 87(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí na hionstraime.

Mar fhreagairt ar na ceithre mhórfhadhb a sainaithnítear, féachtar leis an tionscnamh seo na **<u>cuspóirí</u>** seo a leanas a bhaint amach:

1) <u>Cuspóir I</u>: Réiteach teicniúil a sholáthar le haghaidh malartú **éifeachtúil** uathoibrithe sonraí idir údaráis forfheidhmithe dlí an Aontais chun iad a chuir ar an **eolas maidir le sonraí ábhartha** atá ar fáil i mbunachair shonraí náisiúnta Ballstáit eile;
2) <u>Cuspóir II</u>: A áirithiú go mbeidh **sonraí níos ábhartha** (i dtéarmaí catagóirí sonraí) ó bhunachair shonraí náisiúnta i mBallstáit eile ar fáil do gach údarás forfheidhmithe dlí inniúil san Aontas;
3) <u>Cuspóir III</u>: A áirithiú go mbeidh **sonraí ábhartha** (i dtéarmaí foinsí sonraí) ó bhunachar sonraí **Europol** ar fáil do gach údarás forfheidhmithe dlí;
4) <u>Cuspóir IV</u>: **Rochtain éifeachtach a sholáthar d'údaráis forfheidhmithe dlí ar na sonraí iarbhír** a fhreagraíonn do 'amas' atá ar fáil i mbunachar sonraí náisiúnta Ballstáit eile nó ag Europol.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Malartú faisnéise san Aontas Eorpach a fheabhsú, ní féidir leis na Ballstáit é a ghnóthú go leordhóthanach ina n-aonar, mar gheall ar an ngné thrasteorann a bhaineann le comhrac na coireachta agus saincheisteanna slándála. Ní mór do na Ballstáit brath ar a chéile sna hábhair seo. Le rialacha comhchoiteanna, caighdeáin chomhchoiteanna agus ceanglais chomhchoiteanna ar leibhéal an Aontais, **éascaítear na malartuithe faisnéise sin** agus ag an am céanna cuirtear **comhoiriúnacht** ar fáil idir córais náisiúnta éagsúla leo. Ar a sheal, ceadaítear leis seo do leibhéal áirithe uathoibrithe i sreafaí oibre malartaithe faisnéise, rud a scaoileann oifigigh um fhorfheidhmiú dlí ó ghníomhaíochtaí láimhe dlúthshaothair. Ar deireadh thiar, le malartú faisnéise ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ceadaítear ardchaighdeáin i ndáil le **slándáil sonraí** agus **cosaint sonraí** freisin.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Breithníodh roinnt roghanna reachtacha beartais. Tar éis réamhroghnú a dhéanamh, cuireadh roinnt roghanna as an áireamh go tapaidh. Rinneadh **measúnú mionsonraithe ar na roghanna beartais eile**:

1) Rogha beartais lena dtugtar aghaidh ar **chuspóir I:** *('réiteach teicniúil a sholáthar le haghaidh **malartú éifeachtúil sonraí uathoibrithe')***
   - <u>rogha beartais 1.1</u>: réiteach hibrideach idir cur chuige díláraithe agus cur chuige láraithe a chur i bhfeidhm gan stóráil sonraí ar an leibhéal lárnach

*2)* Roghanna beartais lena dtugtar aghaidh ar **chuspóir II**: *('a áirithiú go mbeidh sonraí níos ábhartha (i dtéarmaí **catagóirí sonraí)** ar fáil d'údaráis fhorfheidhmithe dlí')*
   - <u>rogha beartais 2.1</u>: malartú íomhánna aghaidhe a thabhairt isteach sa chreat Prüm
   - <u>rogha beartais 2.2</u>: malartú ar thaifid phóilíneachta a thabhairt isteach sa chreat Prüm
   - <u>rogha beartais 2.3</u>: malartú sonraí um cheadúnais tiomána a thabhairt isteach sa chreat Prüm

*3)* Roghanna beartais lena dtugtar aghaidh ar **chuspóir III**: *('a áirithiú go mbeidh sonraí ábhartha ó bhunachar*

*sonraí Europol **ar fáil** d'údaráis fhorfheidhmithe dlí')*

- rogha beartais 3.1: cur ar chumas na mBallstát sonraí a fhaightear ó thríú tír a sheiceáil go huathoibríoch ag Europol mar chuid den chreat Prüm
- rogha beartais 3.2: cur ar chumas Europol sonraí a fhaightear ó thríú tír a sheiceáil i gcoinne bhunachair shonraí náisiúnta na mBallstát

4) Roghanna beartais lena dtugtar aghaidh ar **chuspóir IV**: (*foráiloráil a dhéanamh **do rochtain éifeachtach ar na sonraí iarbhír**a fhreagraíonn do 'amas' atá ar fáil i mbunachar sonraí náisiúnta Ballstáit eile nó ag Europol*).

- rogha beartais 4.1: an próiseas leantach a rialáil ar leibhéal an Aontais le malartú leath-uathoibríoch sonraí iarbhír a fhreagraíonn do 'amas'

Tar éis measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar thionchar na bpríomhroghanna beartais, is éard atá sa **phacáiste de roghanna beartais tosaíochta** rogha beartais 1.1, rogha beartais 2.1 agus 2.2, rogha beartais 3.1 agus 3.2 agus rogha beartais 4.1.

**Cé atá i bhfách le cén rogha?**

Tríd is tríd, tacaíonn na páirtithe leasmhara le malartú sonraí uathoibrithe a neartú faoin gcreat Prüm.

Thacaigh na Ballstáit go sainráite leis na roghanna beartais tosaíochta i bhfóraim éagsúla de chuid na Comhairle agus i gConclúidí ón gComhairle ('*Conclúidí 2018 ón gComhairle maidir le "CINNTÍ PRÜM" a chur chun feidhme deich mbliana tar éis a nglactha*'). Ag an am céanna, tuigeann na Ballstáit an tábhacht a bhaineann lena gceannasacht náisiúnta i réimse an fhorfheidhmithe dlí ó thaobh oibríochtaí agus nósanna imeachta de.

Táthar ag súil go bhfíoróidh Parlaimint na hEorpa go bhfuil bonn cirt leis an ngá atá le haon chatagóir nua sonraí a áireamh sa chreat Prüm, chomh maith le coimircí láidre um chosaint sonraí a bheith ann. Go deimhin, léiríodh sna díospóireachtaí leis na páirtithe leasmhara go léir an tábhacht a bhaineann le bearta iomchuí coimirce a sholáthar chun urraim do Chearta Bunúsacha a áirithiú, agus go háirithe an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cé na tairbhí a bhaineann leis na roghanna tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

D'fhreagródh pacáiste na roghanna beartais tosaíochta (rogha beartais 1.1, rogha beartais 2.1 agus 2.2, rogha beartais 3.1 agus 3.2 agus rogha beartais 4.1.) go héifeachtach do na fadhbanna a sainaithníodh agus d'athneartófaí an creat Prüm reatha le **cumais spriocdhírithe agus cumais láidre breise** chun dlús a chur leis an tacaíocht a thugann sé do na Ballstáit chun malartú faisnéise a athneartú agus é mar chuspóir deiridh aige **cionta coiriúla agus sceimhlitheoireachta a chosc agus a imscrúdú**, agus **cearta bunúsacha á gcomhlíonadh go hiomlán**.

Is iad na **saoránaigh tairbhithe deiridh na roghanna tosaíochta go léir**, agus bainfidh siad leas díreach agus indíreach as comhrac níos fearr i gcoinne na coireachta agus as rátaí níos ísle coireachta. Maidir le héifeachtúlacht, is iad na **húdaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí na príomhthairbhithe**. Déantar foráil leis na roghanna beartais tosaíochta do réitigh éifeachtacha ar dhúshláin nár mhór aghaidh a thabhairt orthu ar chostais níos airde nó nach mbeadh chomh héifeachtach sin.d'uireasa na roghanna.

**Cad iad costais na roghanna tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Éilítear leis na roghanna beartais tosaíochta infheistíochtaí ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát araon. Is ionann suim na gcostas infheistíochta r an leibhéal náisiúnta agus 4.4 milliún EUR mar chostais aonuaire agus 882 000 EUR in aghaidh na bliana. Is ionann suim na gcostas infheistíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh

agus 17.17 milliún EUR mar chostais aonuaire agus 4.1 milliún EUR in aghaidh na bliana. Tabhair faoi deara gur meastacháin iad na méideanna sin, bunaithe ar thaithí roimhe seo maidir le forbairt agus cur chun feidhme bonneagar TF ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, tá sé deacair cuid de na roghanna beartais aonair a chainníochtú i dtéarmaí beachta. Táthar ag súil gur mó a bheidh na buntáistí agus na coigiltí ná na costais infheistíochta réamh-mheasta, go háirithe ar leibhéal na mBallstát. Sábhálfaidh cruthú an ródaire lárnach Prüm costais do na Ballstáit toisc nach mbeadh gá leo an oiread nasc a chruthú agus atá Ballstáit agus catagóirí sonraí.

Níltear ag súil go mbeidh tionchar ag na roghanna beartais tosaíochta ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Níl oibleagáidí rialála le haghaidh saoránach/tomhaltóirí sna roghanna tosaíochta, agus mar sin ní chruthaítear costais bhreise do na páirtithe leasmhara sin ach oiread.

### Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

Níltear ag súil go mbeidh aon tionchar suntasach ag na roghanna beartais tosaíochta ar ghnólachtaí.

### An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Mar a luaitear thuas, is ionann suim na gcostas infheistíochta a bhfuiltear ag súil leo ar an leibhéal náisiúnta agus 4.4 milliún EUR mar chostais aonuaire agus 882 000 EUR in aghaidh na bliana, rud a dhéanfar a chúiteamh le coigiltí buiséid a fhaightear ón ródaire lárnach a úsáid seachas úsáid as bhaint as líon nasc do gach Ballstát a fhreagraíonn do líon na mBallstát agus líon na gcatagóirí sonraí. Leis na meastacháin, tugtar le fios go bhféadfadh na coigiltí buiséid carntha ar an leibhéal náisiúnta an infheistíocht tosaigh a chúiteamh ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal náisiúnta araon i dtréimhse 2 bhliain.

### An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Baineann na roghanna beartais tosaíochta go léir le próiseáil sonraí pearsanta. Dá réir sin, tá tionchar ag na roghanna beartais sin ar Chearta Bunúsacha agus go háirithe ar na cearta maidir le sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8 den Chairt) agus meas ar an saol príobháideach (Airteagal 7 den Chairt). Chun a áirithiú go gcomhlíontar Cearta Bunúsacha go hiomlán, déantar foráil sa mheasúnú tionchair do **bhreithniú críochnúil ar Chearta Bunúsacha** le linn a anailíse. Mar thoradh air sin, comhlíonann na roghanna beartais tosaíochta **cuspóir leasa ghinearálta** agus tá siad **teoranta go docht don mhéid is gá agus is comhréireach** chun an cuspóir sin a bhaint amach.

## D. Obair leantach

### Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Ceithre bliana tar éis chur ar bun agus oibriú na bhfeidhmiúlachtaí nua, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, ba cheart do na Ballstait agus Gníomhaireachtaí an Aontais tuarascáil ar **fheidhmiú teicniúil** na mbeart nua atá molta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin. Ina theannta sin, bliain amháin tar éis do na Ballstáit agus do Ghníomhaireachtaí an Aontais na tuarascálacha sin a chur isteach, ba cheart don Choimisiún **meastóireacht fhoriomlán** a chur ar fáil ar na bearta, lena n-áirítear maidir le haon **tionchar díreach nó indíreach ar chearta bunúsacha**. Ba cheart na torthaí a baineadh amach a scrúdú i bhfianaise na gcuspóirí agus measúnú a dhéanamh ar a bhailí agus atá an bhunréasúnacht agus ar aon impleachtaí a bheidh ann do roghanna amach anseo. Ba cheart don Choimisiún na tuarascálacha meastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.